Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**12755/23**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0311(COD)**

**SOC 587**
**ANTIDISCRIM 161**
**FREMP 235**
**TRANS 341**
**SPORT 25**
**CULT 93**
**CODEC 1551**
**IA 214**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Meán Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 512 final - IARSCRÍBHINNÍ 1 go 2 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann le Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 512 final - IARSCRÍBHINNÍ 1 go 2.

---

Faoi iamh: COM(2023) 512 final - IARSCRÍBHINNÍ 1 go 2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.9.2023
COM(2023) 512 final

ANNEXES 1 to 2

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh**
**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas**

{SEC(2023) 305 final} - {SWD(2023) 289 final} - {SWD(2023) 290 final} - {SWD(2023) 291 final}

GA GA

<u>**IARSCRÍBHINN I**</u>

<u>**FORMÁID AN CHÁRTA MÍCHUMAIS EORPAIGH**</u>

Téacs an ÉADAIN Cárta Míchumais Eorpach i mBéarla

CÚL Faisnéis náisiúnta sa teanga náisiúnta nó sna teangacha náisiúnta atá le cinneadh ag an mBallstát eisiúna.




1. Beidh méid an Chárta Míchumais Eorpaigh i gcomhréir le ISO 7810.
2. Beidh sé i bhFormáid ID-1 agus beidh na Toisí 85.6 x 53.98 mm.
3. Beidh an méid seo a leanas ar an gcárta:
   - pictiúr den sealbhóir cárta;
     - sloinne agus céadainm an tsealbhóra cárta;
     - dáta breithe an tsealbhóra cárta;
     - sraithuimhir an chárta.
4. Beidh dath an chárta idir ghorm níos éadroime agus ghorm dorcha, mar atá leagtha síos sa phictiúr agus le tagairtí:
     - Gorm dorcha: CMYK 100, 90, 10, 0

       RGB 0, 68, 148
     - Níos éadroime: CMYK 94, 63, 7, 1

       RGB 0, 110, 183
5. Léireofar an dáta éaga ar an gcárta.
6. Beidh cód tíre ar an gcárta agus beidh an ciorcal gorm thart air.
7. Beidh litreacha i gcló ARIAL Rialta.
8. Taispeánfar na focail Cárta Míchumais Eorpach agus úsáid á baint as cló Arial agus in Braille agus úsáid á baint as toisí an chóid Marburg.
9. Is féidir an litir roghnach 'A' (+comhartha braille) a chur ar an gcárta nuair a thugann sé ceart don sealbhóir cárta ar chúntóir pearsanta a bheith in éineacht leis.

10. Gné dhigiteach/gnéithe digiteacha lena n-úsáidtear modhanna leictreonacha lena dtugtar aghaidh ar chosc ar chalaois atá le cur isteach nuair a ghlacfar na sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 6(1).

## IARSCRÍBHINN II

## FORMÁID AN CHÁRTA PÁIRCEÁLA EORPAIGH DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS

ÉADAN




CÚL




1. Is mar a leanas a bheidh méid an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas:

   - airde: 106 mm
   - leithead: 148 mm

2. Beidh dath an chárta idir ghorm dorcha agus bhuí, mar atá leagtha síos sa phictiúr thuas agus le tagairtí:

   - Gorm dorcha: CMYK 100, 90, 10, 0

     RGB 0, 68, 148
   - Buí: CMYK 0, 0, 100, 0

     RGB 255, 237, 0

3. Déanfar an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a roinnt go hingearach ina dhá chuid ar an éadan agus ar an gcúl araon.

(a) Beidh na nithe seo a leanas ar thaobh na láimhe clé den éadan:

- an tsiombail d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí i ndath gorm dorcha ar chúlra buí;
- an dáta ar a rachaidh an cárta páirceála in éag;
- sraithuimhir an chárta páirceála;
- ainm agus stampa an údaráis/na heagraíochta eisiúna;
- i gcás go mbainfidh an cárta le feithicil, beidh a huimhirphláta le feiceáil.

(b) Beidh na nithe seo a leanas ar thaobh na láimhe deise den éadan:

- i gceannlitreacha, na focail 'Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas' i dteanga nó i dteangacha an Bhallstáit a bhfuil an cárta á eisiúint aige; i ndiaidh spás oiriúnach, beidh na focail le feiceáil i gcló beag i dteangacha eile an Aontais Eorpaigh;
- mar chúlra, cód idirdhealaitheach an Bhallstáit a mbeidh an cárta páirceála á eisiúint aige timpeallaithe ag fáinne na réaltaí atá ina shiombail den Aontas Eorpach.

(c) Beidh na nithe seo a leanas ar thaobh na láimhe clé den chúl:

- sloinne an tsealbhóra cárta;
- céadainm(neacha) an tsealbhóra cárta;
- dáta breithe an tsealbhóra cárta;
- dáta éaga an chárta;
- grianghraf den sealbhóir cárta;
- sraithuimhir an chárta páirceála;
- síniú an tsealbhóra cárta nó marc údaraithe eile, má cheadaítear é faoin reachtaíocht náisiúnta.

(d) Beidh na nithe seo a leanas ar thaobh na láimhe deise den chúl:

- an ráiteas: 'Leis an gcárta seo, tá an sealbhóir i dteideal coinníollacha agus saoráidí páirceála áitiúla a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas atá ar fáil sa Bhallstát lena mbaineann';
- an ráiteas: 'Nuair a bheidh sé á úsáid, ní mór an cárta a thaispeáint ag tosach na feithicle sa dóigh is go mbeidh éadan an chárta le feiceáil go soiléir chun críocha seiceála'.

4. Cé is moite den taobh deas den éadan, taispeánfar iontrálacha i dteanga nó i dteangacha an Bhallstáit a mbeidh an cárta páirceála á eisiúint aige. Más mian le Ballstát na hiontrálacha a dhéanamh i dteanga náisiúnta seachas ceann díobh seo a leanas: an Béarla, an Bhulgáiris, an Chróitis, an Danmhairgis, an Eastóinis, an Fhionlainnis, an Fhraincis, an Ghaeilge, an Ghearmáinis, an Ghréigis, an Iodáilis, an Laitvis, an Liotuáinis, an Mháltais, an Ollainnis, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Rómáinis, an tSeicis, an tSlóivéinis, an tSlóvaicis, an Spáinnis, an tSualainnis, an

Ungáiris, déanfaidh sé leagan dátheangach den chárta a tharraingt suas ar a mbeidh ceann amháin de na teangacha thuasluaite, gan dochar d'fhorálacha eile na hIarscríbhinne seo. Más mian le Ballstát iontrálacha a dhéanamh sa Bhulgáiris nó sa Ghréigis, tarraingeoidh sé suas leagan dátheangach den chárta agus úsáid á baint as ceann de na teangacha thuasluaite a úsáideann carachtair Laidine.

5. Gné dhigiteach/gnéithe digiteacha lena n-úsáidtear modhanna leictreonacha lena dtugtar aghaidh ar chosc ar chalaois atá le cur isteach nuair a ghlacfar na sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 7(1).